

Na cúiseanna gur fhorbair Sóivéid Luimnigh 14-27ú Aibreán 1919 agus an tionchar polaitiúil is eacnamaíochta a bhí aici go háitiúil agus go náisiúnta

Idir 14ú agus 27ú Aibreán, 1919, bhí ollstailc i gCathair Luimnigh eagraithe ag Ceard-Comhairle Luimnigh. Tugadh *'Sóivéid Luimnigh'* ar an stailc seo. Ba chosúil go bhfuair oibrithe i Luimneach inspioráid ó Sóivéidí Rúiseacha ina raibh coistí oibrithe i gceannas ar a gceantracha féin. Bhí oibrithe na hÉireann ag iarraidh aithris a dhéanamh ar na hoibrithe Rúiseacha réabhlóideacha (Kostick, 2009). San aiste seo, pléifear cén fáth gur thosaigh an tSóivéid, conas gur láimhseáladh í agus an tionchar a bhí aici go háitiúil agus go náisiúnta.

Thosaigh Sóivéid Luimnigh 14ú Aibreán 1919 mar fhreagra ar an dlí míleata a bhí curtha i bhfeidhm ag Arm na Breataine ar Chathair Luimnigh. Bhí an dlí míleata curtha ar an gcathair de bharr na sluaite móra a d'fhreastal ar thórramh gníomhaí den IRA, Robert Byrne, a maraíodh i gcath leis an RIC, 6ú Aibreán 1919. Chuir an dlí míleata isteach ar gach duine sa chathair agus ar an lucht oibre ach go háirithe. Bhíodh ar chuid oibrithe ceadúnas a fháil agus dul faoi imscrúdú míleata suas le ceithre

uair sa lá agus iad ag dul ar obair. Bhuail an "*Limerick United Trades and Labour Council*" le chéile chun an dlí míleata a phlé, 13ú Aibreán. Tar éis 12 uair a chaitheamh ag caint d'fhógair siad ollstailc sa chathair agus thogh siad coiste stailce. Bhí an tSóivéid tosaithe, dhún siad na gnólachtaí ar fad agus ordáíodh do gach carr sráideanna na cathrach a fhágáil. Ba léir go raibh na hoibrithe i gceannas ar an gcathair leis na gníomhartha seo.(Cahill, 2019).

Nuair a thóg an tSóivéid smacht ar Chathair Luimnigh, bhí fadhbanna eacnamaíochta le réiteach acu. Agus na siopaí uilig dúnta, bhí geilleagar na cathrach athraithe go hiomlán agus bhí an cathair ar fad anois ag brath ar an Sóivéid le rudaí a reáchtáil. An fhadhb ba mhó a bhí acu ná cathair le daonra 38,000 duine a bheathú le linn na stailce. Chun dul i ngleic leis an bhfadhb, thug an coiste stailce cead do na bÁCús oscailt go luath ar maidin agus arán a dhíol ar phraghas socraithe ag an Sóivéid. Tugadh cead do roinnt siopaí oscailt chomh maith agus earraí a dhíol ar phraghas socraithe ("The Limerick Strike", 1919). Mar aon leis sin, fuair an tSóivéid roinnt bia ar bhun deonach ó fheirmeoirí áitiúla agus ó cheardchumann éagsula freisin (Cahill, 2019). Cé go raibh go leor daoine den

tuairim go mbeadh teip ar chúrsaí eacnamaíochta i rith na Sóivéide, níor tharla a leithéid óir choinnigh an tSóivéid geilleagar na cathrach faoi smacht agus níor fhulaing na gnáthdaoine i Luimneach. Dar leis an *Irish Independent* ag an am “*that while there has been a general suspension of all branches of industry in the city now for seven days, there has been no scarcity of food*” (“Nearing a Crisis”, 1919). D’oibrigh an tSóivéid go héifeachtach chun 38,000 duine a bheathú agus Luimneach faoi dhlí mhíleata.

Bhí tionchar náisiúnta ollmhór ag an Sóivéid chomh maith. Chomh luath agus gur thosaigh an tSóivéid, d’fhógair baill den “*National Union of Railwaymen*” (NUR) go mbeadh siad ag dul ar stailc ar an 16ú Aibreán le tacaíocht a thabhairt don tSóivéid (Haugh, 2019). Bhí oibrithe eile ar fud na tíre réidh le dul ar stailc ach bhí siad ag fanacht le treoir ón eagraíocht náisiúnta: “*Irish Labour Party and Trades Union Congress*” (ILPTUC). Ba léir go raibh tacaíocht ag an Sóivéid ar fud na tíre agus bhí oibrithe Luimnigh ag súil go bhfógraíodh an ILPTUC ollstailc náisiúnta (Kostick, 2009). Cé nár tharla an ollstailc, thug an tSóivéid spreagadh don lucht oibre ar fud na tíre agus iad réidh le tacaíocht a thabhairt di.

Bhí poiblíocht forleathan déanta ar an Sóivéid go náisiúnta, rud a thug inspioráid don lucht oibre ar fud na tíre. Bhí Sóivéid Luimnigh ar cheann de na chéad Sóivéidí in Éirinn agus an ceann ba mhó. Chomh maith leis sin, bhí trácht ar an Sóivéid ar fud na hÉireann agus go hidirnáisiúnta mar gheall go raibh go leor de lucht na meáin chlóite i Luimneach chun tuairisc a scríobh faoi '*Maor J.C.P. Wood*' a bhí ag iarraidh eitilt ó Luimneach go Talamh an Éisc i rás eitleáin trasatlantach. Rinne na hiriseóirí tuairisciú ar an Sóivéid agus iad sa chathair agus scaip an scéal ar fud na tíre agus chomh fada le Meiriceá fiú (Cahill, 2019). Spreag Sóivéid Luimnigh Sóivéidí agus stailceanna eile ar fud na hÉireann ag an am. Ar an ábhar go raibh an oiread sin poiblíochta déanta, bhí tionchar náisiúnta fadtéarmach ag Sóivéid Luimnigh agus bhí níos mó ná 100 sóivéidí éagsúla bunaithe in Éirinn tar éis an tSóivéid Luimnigh idir 1919 agus 1920 (Kostick, 2009).

Éifeacht pholaitiúil a bhí ag an Sóivéid ná gur léirigh sí go soiléir na laigeachtaí a bhí ag ceannairí ghluaiseacht an lucht oibre. Le linn an Sóivéide, bhí an cuma ar an scéal go raibh iarrachtaí déanta ag ceannairí an ILPTUC moill a chur uirthi (Haugh, 2019). Mar shampla Dé Chéadaoin, 16ú Aibreán, nuair

a bhí baill den NUR ar tí dul ar stailc, fuair siad teileagram ó William O'Brien, Ard-Rúnaí an ILPTUC, ag rá *"Railwaymen should defer stoppage pending national action. National Executive specially summoned for tomorrow"* ("Limerick Calm in Strike", 1919). Ba chosúil, áfach, go raibh drogall ar an ILPTUC an stailc a fhógairt go forleathan. 23ú Aibreán, tháinig ionadaithe ón ILPTUC go Luimneach le cruinniú a bheith acu leis an gcoiste stailce. Ach le linn na cruinnithe sin, mhol an ILPTUC don coiste stailce críoch a chur leis an ollstailc i Luimneach (Haugh, 2019). Léirigh an easpa tacaíochta seo ón ILPTUC don Sóivéid nach raibh ceannairí an ILPTUC sásta seasamh le gnáthmhuintir Luimnigh. Go náisiúnta, bhí an cosúlacht ann gur tugadh le fios d'oibrithe na hÉireann nach raibh siad ábalta a bheith brath ar cheannaireacht an ILPTUC agus bhí sé mar mhí-bhuntaiste ag oibrithe na tíre nach raibh polaiteoirí ná páirtí láidir ann chun tacú leo.

Lena chois sin, ba chosúil nach raibh ceannairí na Sóivéide ábalta brath ar ghluaiseacht na Poblachta ach oiread.

Thaispeáin an tSóivéid na difríochtaí polaitíochta móra a bhí idir Shinn Féin agus aidhmeanna an lucht oibre. I ndáiríre, ba bheag tacaíocht a thug ceannairí Sinn Féin don tSóivéid. Páirtí

meánaicmeach Caitliceach a bhí i Sinn Féin ag an am agus bhí siad buartha faoin nasc idir an Sóivéid agus an cumannachas ach go háirithe. Mar sin, ar an 23ú Aibreán, agus an coiste stailce i mbun cruinnithe leis an ILPTUC, bhí cruinnithe eile ag tarlú idir Mhaor Luimnigh Alphonsus O'Mara (ball Sinn Féin), an Eaglais Chaitliceach agus Arm na Breataine, chun plé a dhéanamh conas deireadh a chur leis an Sóivéid (Haugh, 2019). An tionchar ba mhó a bhí a leithéid de ghníomhartha ag Sóivéid Luimnigh ná gur léirigh sí go raibh spriocanna difriúla idir Sinn Féin agus oibrithe na hÉireann. Bhí an scoilt chomh mór sin eatarthu go raibh Sinn Féin sásta comhoibriú leis an namhaid, Arm na Breataine, chun smacht a chur ar na hoibrithe. Níl aon amhras ach gur léirigh an tSóivéid go raibh scoilt suntasach soiléir idir ghluaiseacht an lucht oibre agus Sinn Féin ag an am.

Ar an 27ú Aibreán, 1919, de bharr brú ón ILPTUC, Sinn Féin agus an Eaglais Caitliceach, d'fhógair an coiste stailce deireadh a chur leis an Sóivéid. Cé gur theip ar an Sóivéid, ba léir go raibh tionchar polaitiúil agus eacnamaíochta go háitiúil agus go náisiúnta bainte léi. Le linn tréimhse dhá sheachtaine, bhí geilleagar Luimnigh athraithe go hiomlán, bhí ceacht

foghlamtha ag oibrithe na hÉireann nach raibh siad in ann brath go hiomlán ar an ILPTUC agus ba léir go raibh difríochtaí móra idir aidhmeanna Shinn Féin agus aidhmeanna ghluaiseacht an lucht oibre. In ainneoin na constaicí seo uilig ba bheag nach ndeachaigh oibrithe ar fud na hÉireann ar stailc. Ag deireadh an lae, áfach, laghdaíodh tionchar na Sóivéide toisc nach raibh gníomhú fógraithe ag na heagraíochtaí náisiúnta chun tacú léi. Mar sin féin, níl amhras ann ach go raibh éacht déanta ag oibrithe Luimnigh Aibreán 1919. Sheas siad in aghaidh Impireacht na Breataine is údaráis eile na tíre agus iad i gceannas na cathrach ar feadh coicíse.

Tagairtí

"Limerick Calm in Strike". (1919, April 17). *The Irish Independent*, lch 5.

"Nearing a Crisis". (1919, April 21). *The Irish Independent*, lch 3.

"The Limerick Strike". (1919, April 21). *The Irish Times*, lch 2.

Cahill, L. (2019). *Forgotten Revolution The Limerick Soviet 1919*. Cork: Orla Kelly Publishing.

Haugh, D. (2019). *Limerick Soviet 1919: The Revolt of the Bottom Dog*. Shannon: Thomond Publishing.

Kostick, C. (2009). *Revolution in Ireland: Popular Militancy 1917-1923*. Cork: Cork University Press.